The initial project scope for the refurbishment of a factory unit in Baile Ghib was relatively straightforward. The intention was to upgrade an old factory unit to advance factory standard. A budget of €1.2m was allocated by the Board to cover the costs involved. Due to unanticipated project costs of €0.6m and estimated specific client requirements of €1.7m, (to be recouped from the company over an agreed period) the budget for the project increased significantly. The final cost for the client specific requirements has now been independently evaluated at less than €1m which will result in a reduction in the revised budgeted expenditure. Overall expenditure on the project to date is €2.8m. The anticipated final expenditure on the project will be in the region of €3.0m and is not expected to exceed €3.2m.

Údarás na Gaeltachta have identified poor internal and external project communications and reporting that resulted in a delay in informing the Board of the escalating costs and the arrangements that had been agreed with the company. Other deficiencies in the governance of the project, in areas such as planning, reporting and oversight, came to light, as did issues around full compliance with the Capital Works Management Framework and public procurement. As outlined above, steps have been taken to address these issues.

Although by no means an excuse for the deficiencies identified, the project was being progressed at a time of significant staffing challenges within Údarás na Gaeltachta, as well as a client imperative to have the project completed within a very tight timeframe. Much progress has been made in the last number of months to mitigate the risks that were highlighted. We are satisfied that appropriate steps have been taken to ensure that no loss was incurred by the taxpayer and that the works completed have added to the value of the building. It should be recognised that Údarás na Gaeltachta has a long history in delivering significant capital projects on time and within budget. The management of this particular project is not representative of how projects are typically delivered by the organisation.

With regard to the client company, it commenced operations in Baile Ghib in 2019 and has surpassed its business expectations to date. At the end of 2019, the company had 20 full time staff employed and has now grown to 34 staff, with plans for further expansion. It is working with industry partners and third level institutions to transform the plastics industry through a project which was approved earlier this year for grant aid under the Government's Disruptive Technologies Innovation Fund. More recently, it was successful in being selected under the Government's first Circular Economy Innovation Grant Scheme (CEIGS) for a project that aims to develop the technology capable of sustainably recycling marine litter and discarded/used fishing nets.

Sonraí maidir le caiteachas breise a bhain le hathchóiriú ar réadmhaoin de chuid Údarás na Gaeltachta atá lonnaithe i mBaile Ghib, Co. na Mí.

Cúlra

Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás réigiúnach atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Is é cuspóir foriomlán Údarás na Gaeltachta ná a chinntiú go bhfanfaidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht agus go dtabharfar ar aghaidh í chuig na glúnta atá le theacht. Baineann an tÚdarás an cuspóir sin amach trí thacaíocht a thabhairt do réimse leathan tionscnamh forbartha fiontraíochta agus cruthú post agus trí tacú le gníomhaíochtaí straitéiseacha teanga, cultúrtha agus pobalbhunaithe.

Comhthéacs – Punann Maoine

Tá punann fhairsing réadmhaoine ag Údarás na Gaeltachta ina bhfuil tuairim is 500 aonad oifige agus monarcha atá lonnaithe sna seacht gceantar Gaeltachta. Tá an phunann réadmhaoine mar bhunchloch do thairiscint fiontraíochta na heagraíochta i mealladh, spreagadh agus ag tabhairt tacaíocht do ghníomhaíocht eacnamaíoch, thionsclaíoch agus fostaíochta laistigh den Ghaeltacht. Thacaigh an tÚdarás le 7,844 post lánaimseartha ag deireadh 2019, a thit go 7,363 ag deireadh 2020 mar gheall ar thionchar COVID-19.

Is ceart a aithint gur tógadh cuid mhór den phunann mhaoine sna 1970ídí agus sna 1980idí agus, mar thoradh air sin, go bhfuil infheistíocht shuntasach de dhíth uirthi chun go mbeidh sí ar chaighdeán atá inghlactha sa lá atá inniu ann. Léirítear sa tábla thíos an leithdháileadh caipitil a fuair Údarás na Gaeltachta ón Státchiste don tréimhse 2019 go 2021. Úsáidtear an leithdháileadh seo chun tacú le hinfheistíocht i gcliantchomhlachtaí (deontais agus tacaíochtaí eile) agus i gclár tógála na heagraíochta araon. Úsáidtear tuairim is 40% - 60% den leithdháileadh chun tacú go díreach leis an gclár tógála caipitil.

	2019	2020*	2021
Maoiniú Caipitil Iomlán	€9.70m	€10.00m	€14.40m
- Clár Tógála	€4.00m	€4.80m	€8.00m
- Tacaíochtaí Tionscadail	€5.70m	€5.20m	€6.40m

**Níl soláthar aon uaire faoin gClár Spreagtha san áireamh*

Tá punann réadmhaoine Údarás na Gaeltachta ar cheann de na hacmhainní is mó atá aige chun tionscal a mhealladh chuig an nGaeltacht. Mar gheall ar a próifíl aoise, áfach, is féidir leis ídiú suntasach a dhéanamh ar na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Gineann an tÚdarás ioncam cíosa de thart ar €4m in aghaidh na bliana óna phunann réadmhaoine. Tacaíonn an t-ioncam sin le híoc as an gcothabháil a bhíonn le déanamh ar an bpunann. Aithníonn an tÚdarás an gá atá lena phunann tógála a nuachóiriú agus, ar an mbealach sin, an t-ualach a bhaineann le costais chothabhála leanúnacha a laghdú, ag cinntiú go bhfuil na foirgnimh ar chaighdeán a bheidh sásúil dár gcliant chomhlachtaí. In ainneoin an méadú a tháinig ar bhuiséad caipitil 2021, dá mhaitheas é, tá infheistíocht shuntasach ag teastáil chun an cuspóir sin a bhaint amach agus ní mór í a chur i gcomhthéacs buiséad caipitil d'os cionn €21m a bhí ar fáil in 2009.

Le blianta beaga anuas, tá iarracht déanta ag an Údarás a stoc foirgneamh a athchóiriú agus a ath-fheistiú chun freastal ar riachtanais ghnó an lae inniu, agus chun iad a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh an chomhshaoil de. D'éirigh leis an Údarás maoiniú breise a aimsiú chun tacú leis na hiarrachtaí atá ar siúl aige moil dhigiteacha a dhéanamh as roinnt dá fhoirgnimh. Tá an maoiniú breise seo tar éis cur leis an leithdháileadh caipitil a fuarthas ón Státchiste agus mar thoradh air sin cruthaíodh líonra de 31 mol digiteach, 'gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta'. Mar sin féin, is dúshlán leanúnach é cistí leordhóthanacha a bheith ar fáil chun freastal ar riachtanais chothabhála na bhfoirgneamh reatha chomh maith le tabhairt faoi fhorbairtí nua.

Tionscadal i mBaile Ghib, Co. na Mí

In 2017, fuair an tÚdarás léiriú spéise ó chomhlacht ar mhian leo gnó a bhunú i nGaeltacht Bhaile Ghib, i gCo. na Mí. Bhí an plean gnó a sholáthar an comhlacht bunaithe ar réitigh athchúrsála inbhuanaithe agus nuálacha a chruthú don tionscal plaisteach tionsclaíoch. Bhí sé beartaithe ag an gcomhlacht athchúrsáil agus athchuspóir a dhéanamh ar fhiliméad astarraingteach tionsclaíoch agus ábhar snáithíneach ó shaoráidí monaraithe teireataláit phoileitiléine (PET) chun millíní/sliseanna PET a dhéanamh.

Tar éis d'fheidhmeannaigh Údarás na Gaeltachta measúnú iomlán a dhéanamh ar an gcás gnó, cheadaigh an Bord pacáiste tacaíochta i mí Feabhra 2018 ina raibh athchóiriú agus athfhorbairt mhór ar mhonarcha 4,127 méadar cearnach a bhí faoi úinéireacht an Údaráis i mBaile Ghib. Tógadh an mhonarcha, ceann de na cinn is sinne inár bpunann, ar dtús sna 1970ídí agus bhí sí folamh ó 2015 nuair a d'imigh an tionónta a bhí ann roimhe sin. Bhí drochbhail ar an bhfoirgneamh.

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta leithdháileadh €1.2m chun uasghrádú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh agus é a thabhairt go dtí staid réamh-mhonarchan. Cheap Údarás na Gaeltachta foireann deartha chomhtháite sheachtrach chun maoirsiú agus bainistiú a dhéanamh ar an togra thar a cheann.

Caiteachas Breise

Bhí scóip na hoibre athchóirithe teoranta ar dtús do chreatlach agus croí-uasghráduithe chun an mhonarchan i mBaile Ghib a thabhairt go dtí staid réamh-mhonarchan, sula gcuirfí ar fáil ar léas é do thionónta nua. Tháinig an buiséad breise a theastaigh sa bhreis ar an €1.2m a cheadaigh an Bord ar dtús ó dhá chúinse ar leith; (i) costais gan choinne a tháinig chun cinn de réir mar a chuaigh an tionscadal ar aghaidh agus (ii) costas a d'eascair as riachtanais shonracha an chliaint.

i. Costais Tionscadail Gan Choinne – €0.6m

Bhí liúntas beag áirithe sa mbuiséad bunaidh chun oibreacha ar an díon a chlúdach. De réir mar a chuaigh na hoibreacha tógála ar aghaidh, ba ghá athrú a dhéanamh ar an dearadh de bharr cinneadh a rinneadh píosa mór innealra a athrú, chun sreabhadh oibre níos fearr sa mhonarcha a éascú. Bhí an suíomh nua i gcuid den mhonarcha ina raibh bail an díon i bhfad níos measa ná mar a measadh ar dtús. Mar chasadh ar an scéal bhí aispeist sa díon a chur go mór leis na costais. Ina theannta sin, rinneadh damáiste gan choinne do chodanna eile den struchtúr leochaileach dín mar thoradh ar leagan ballaí inmheánacha a bhí beartaithe. De bharr stoirmeacha a tharla i mí Lúnasa 2019 (a bhí mar chúis le tuilte agus damáiste forleathan) tharla sileadh ón díon a rinne damáiste do threalamh táirgeachta agus do threalamh leictreach agus fágadh go mba ghá tabhairt faoi oibreacha deisiúcháin láithreach. Bhí an costas a bhain leis an obair bhreise seo, lena n-áirítear cóireáil chuí ar dhíon aispeiste, gar do €0.25m.

Chomh maith leis na hoibreacha ar an díon, tabhaíodh costais shuntasacha mar gheall ar riachtanas a bhain leis an soláthar leictreachais a uasghrádú chun freastal ar riachtanais an trealaimh a úsáideann an comhlacht. Cuireadh iarratas isteach chuig BSL agus chuig an údarás áitiúil chun fostáisiún nua a thógáil agus claochladán nua a shuiteáil. Rinneadh plé fairsing le BSL, agus íocadh ranníocaíocht chaipitil leo in 2018. Mar sin féin, de bhrí go raibh moill ar na hoibreacha agus gan bainistiú éifeachtach déanta orthu, mar aon leis an riachtanas gur chuir an comhlacht tús le hoibríochtaí chun orduithe custaiméirí a shásamh, bhí gineadóirí ag teastáil ar feadh roinnt seachtainí. Bhí costais bhreise €0.35m mar thoradh air sin.

II. Riachtanais Chliaint (suas le huasmhéid €1.7m)

Leithdháileadh buiséad tosaigh de €1.2m ar an tionscadal seo chun an costas a bhain leis an bhfoirgneamh a thabhairt go dtí staid réamh-mhonarchan. Tharla sé go raibh riachtanais bhreise ag an gcliant chun freastal a dhéanamh ar an gcineál gníomhaíochta atá ar siúl aige. Níor aithníodh na riachtanais sin a dhóthain ag céim phleanála an tionscadail, áfach. Bhain na hoibreacha a lorg an comhlacht le hoibreacha meicniúla agus leictreacha ar leith, agus le hoibreacha innealtóireachta sibhialta lasmuigh den fhoirgneamh.

D'aontaigh an tÚdarás na riachtanais shonracha seo a chur san áireamh sna hoibreacha foirgnimh a raibh tús curtha leo. Rinneadh é sin ar an mbonn go n-aisíocfadh an comhlacht costas na n-oibreacha, le hús, trí tháillí breise a aisíoc thar thréimhse 20 bliain. Tá sé mar chleachtas inghlactha go ndéantar ionchorprú ar riachtanais shainiúla an chliaint i scóip an tionscadail agus go ndéanann an client-chomhlacht aisíoc le hús thar thréimhse ama atá socraithe.

Measadh ar dtús go mbeadh buiséad caiteachais suas go dtí uasmhéid €1.7m de dhíth chun freastal ar riachtanais shainiúla an chliaint, faoi réir luacháil neamhspleách a bheith déanta nuair a bhí na hoibreacha curtha i gcrích, don tionscadal i mBaile Ghib. Léirigh an luacháil neamhspleách sin, a tugadh chun críche in 2021, go raibh na costais a bhain le riachtanais shainiúla an chliaint faoi bhun €1m, le laghdú gaolmhar ar an gcaiteachas iomlán.

Glactar leis go mba chóir na riachtanais a bhain go sonrach leis an gcliant a bheith aitheanta go cruinn le linn chéim scóipe an tionscadail. Ag an gcéim luath sin, glacadh leis go mbeadh riachtanais den sórt sin á maoiniú ag an gcliant féin. Ina dhiaidh sin, d'iarr an comhlacht ar an Údarás costas na n-oibreacha seo a sheasamh a d'íocfaí ar ais, le hús, thar thréimhse 20 bliain. D'aontaigh an tÚdarás leis an iarratas seo de réir an ghnáthchleachtais atá ann cabhrú le comhlachtaí oibreacha speisialta a dhéanamh a chuirfeadh le luach an réadmhaoine atá ar léas. Shínigh an dá pháirtí comhaontú dlíthiúil chun feidhm a thabhairt don socrú.

Cur chun feidhme an tionscadail

Ceapadh foireann deartha chomhtháite seachtrach chun bainistiú a dhéanamh ar an togra tógála thar ceann Údarás na Gaeltachta. Mar a tugadh le fios roimhe seo, ba iad na costais gan choinne a tharla le linn an tionscadail agus na riachtanais a bhain go sonrach leis an gcliaint a mba chúis leis an méadú ar bhuiséad an tionscadail. Mar sin féin, léirigh cur i bhfeidhm an tionscadail seo go mba ghá díriú ar réimsí eile de rialachais tograí agus iad a fheabhsú, go háirithe:

i. Pleanáil Tionscadail, Bainistíocht agus Maoirsiú

Níl sé neamhchoitianta seachfhoinsiú a dhéanamh ar fhreagrachtaí bainistíochta tionscadail do thograí foirgníochta a bhíonn ar mheán agus ar mhór scála mar gheall ar easpa foirne i Rannóg Maoine an Údaráis. I gcásanna den sórt sin, sanntar baill foirne ainmnithe laistigh den Rannóg Maoine, ag grád cuí i gcomhréir le scála na dtionscadal, chun oibriú leis na comhairleoirí ceaptha i bpleanáil, bainistiú agus i gcur i bhfeidhm na dtionscadal.

Is léir nach raibh an chéad scóip a rinneadh leordhóthanach agus nár cuimsíodh mar is ceart riachtanais shainiúla an chliaint ná riachtanais breise leictreachais an tionscadail agus na himpleachtaí costais a bhain leo. Ina theannta sin, níor sainaithníodh na rioscaí a bhain leis an díon ina n-iomláine agus níor cuireadh liúntas teagmhasach leordhóthanach go leataobh chun an costas a chlúdach.

Ag teacht le cleachtais seanbhunaithe bhí seachfhoinsiú déanta ar bhainistiú an tionscadail chuig tríú páirtí. In ainneoin cumarsáid leanúnach idir foireann an Údaráis agus na comhairleoirí a bhí ceaptha is léir nach raibh maoirseacht agus cumarsáid dóthanach déanta ag tráthanna criticiúla le linn saolré an tionscadail. Chiallaigh laigí i mbainistiú an tionscadail agus teipeanna sa chumarsáid go raibh bearnaí suntasacha sa bhfaisnéis a bhí ar fáil agus bhí moill ar thuairisciú chuig an mBord. Cé go raibh tionchar ag an easpa foirne ar an méid a tharla, is léir ón athbhreithniú a rinneadh ar an tionscadal go raibh gá le feabhas a chur ar bhainistiú tionscadail, ar mhaoirseacht agus ar thuairisciú.

II. Comhlíonadh an Chreata Bainistíochta Oibreacha Caipitil & Soláthar Poiblí

Is sraith nótaí treoracha agus cáipéisí teimpléid é an Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitil (CWMF) a thacaíonn le cuspóirí an Rialtais d'obair thógála na hEarnála Poiblí. Léirigh an t-athbhreithniú ar an tionscadal seo an gá atá ann go bhfeidhmeofaí go hiomlán de réir riachtanais an CWMF, agus go ndéanfaí an méid sin a chórasú i bpróisis an Údaráis.

Ní raibh bainistiú ar sholáthar poiblí agus ar riarachán conarthaí curtha i bhfeidhm go sásúil i ngach gné den tionscadal seo. Cé gurb iad na comhairleoirí a bhí fostaithe ar an togra a bhí freagrach as sin go príomha, ní dhearna foireann an Údaráis dóthain maoirseachta ar a gcuid oibre ag tráthanna criticiúla. D'fhostaigh Údarás na Gaeltachta suirbhéir cainníochta neamhspleách ina dhiaidh sin chun measúnú a dhéanamh ar luach na n-oibreacha a rinneadh, agus táthar sásta nár íocadh ach de réir luach na n-oibreacha a bhí déanta agus dá réir nach raibh aon chaillteanas tabhaithe ann don Státchiste. Ní mór a áireamh chomh maith gur chuir na hoibreacha a rinneadh go mór le luach na sócmhainne atá faoi úinéireacht an Údaráis.

III. Faomhadh agus Bainistiú Buiséid

Tá Bord Údarás na Gaeltachta freagrach as an gcaiteachas caipitil ar fad a cheadú. Cheadaigh an Bord buiséad €1.2 m don tionscadal seo ar dtús. Aithníodh go hinmheánach go raibh costais an tionscadail ag dul in airde faoi mar a bhí an tionscadal ag dul chun cinn ach bhí leibhéal ard éiginnteachta ann maidir leis na himpleachtaí costais iomlána a d'fhéadfadh a bheith i gceist. I dteannta an brú ama a bhí ann an tionscadal a sheachadadh faoi dháta ar leith, bhí moill ann cead an Bhoird a lorg don chaiteachas breise. In ainneoin na n-éiginnteachtaí a bhain le na costais ar fad a aithint go hiomlán, chiallaigh droch-chumarsáid agus tuairisciú nár cuireadh an Bord ar an eolas go pras maidir leis an riachtanas do bhuiséad breise don tionscadal.

Bearta a glacadh chun Rialachas Tionscadal Caipitil a Neartú

i. Pleanáil Tionscadail, Bainistíocht agus Maoirsiú

Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil pleanáil tionscadail agus measúnú leanúnach ríthábhachtach do chur i bhfeidhm rathúil na dtograí tógála. Tá béim níos mó ná riamh curtha againn ar scóipeáil níos doimhne ar thionscadail agus ar rioscaí féideartha gaolmhara a shainaithint ag an tús. Déantar measúnú leanúnach ar thionscadail agus ar a scóip chun a chinntiú go bhfanfaidh siad ar an mbóthar ceart agus go sainaithneofar aon athrú go tapa.

Mar thoradh ar shainaithint na rioscaí agus na n-éiginnteachtaí, tá athruithe tagtha ar an gcaoi a ndéanaimid measúnú ar an liúntas teagmhasach a ghabhann le tionscadail. Cuireadh níos mó béime ar a chinntiú go gcuirfear teagmhais leordhóthanach ar fáil bunaithe ar na rioscaí tionscadail a sainaithnítear, chomh maith le tosca anaithnide a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chostais. Déantar athbhreithniú ar leordhóthanacht an liúntais theagmhasaigh go rialta le linn shaolré an tionscadail.

In 2021, fuair an tÚdarás cead ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán beirt bhall foirne breise a fhostú inár Rannóg Maoine; suirbhéir cainníochta agus bainisteoir tionscadail. Tá na baill foirne nua seo fostaithe anois agus cuideoidh siad go mór le meastóireacht, bainistiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail ar bhonn leanúnach.

Cuireadh próiseas nua i bhfeidhm ina ndéanann feidhmeannaigh sinsearacha ó na Rannóga Airgeadais, Seirbhísí Corparáideacha agus Maoine athbhreithnithe foirmiúla míosúla ar chaiteachas caipitil. Cuireann an t-athbhreithniú seo leis an maoirseacht fhoriomlán ar na tionscadail éagsúla agus díríonn sé ar staid reatha na dtionscadal, ar shainaithint na rioscaí agus ar chúrsaí buiséid. Úsáidtear faisnéis a bhailítear le linn an phróisis seo chun nuashonrú míosúil a chur ar fáil don Bhord maidir leis an gcaiteachas go dtí seo ar thionscadail agus maidir le haon rioscaí tionscadail a aithnítear.

Cuireadh feabhsuithe eile i bhfeidhm maidir leis an gcóras chun rialú a dhéanamh ar athruithe i dtionscadail agus próisis bhainistíochta comhad, d'fhonn rialachas foriomlán na dtionscadal a fheabhsú.

ii. Comhlíonadh Chreata Bainistíochta Oibreacha Caipitil (CWMF) & Soláthar Poiblí

Tá athmheasúnú déanta ag an eagraíocht ar a mhéid a chomhlíonann sí leis an gCreat Bainistíochta Oibreacha Caipitil agus tá bearta déanta aici lena chinntiú go n-úsáidtear teimpléid chaighdeánacha le haghaidh gach gné de thionscadal, riarachán conarthaí san áireamh. Tá an ceanglas sin á chur i bhfeidhm mar nós imeachta caighdeánach do gach tionscadal. In 2021, fuair an tÚdarás cead ón Roinn beirt bhall foirne airgeadais bhreise a earcú, agus beidh duine amháin acu sin freagrach as comhairle agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán soláthair phoiblí.

Tá roinnt bearta tábhachtacha tógtha ag an eagraíocht chun feasacht agus comhlíonadh níos fearr a chinntiú i dtaca le rialacha soláthair phoiblí, lena n-áirítear:

- clár oiliúna éigeantach saincheaptha ar sholáthar poiblí a eagrú do na baill foirne ábhartha uile,
- beartas soláthair nuashonraithe na heagraíochta a scaipeadh ar an bhfoireann go léir,

- saineolaithe soláthair a úsáid chun cabhrú leis na straitéisí soláthair d'oibreacha tógála agus éifeachtúlacht níos fearr a chur chun cinn,
- eolas maidir leis an mbeartas soláthair atá le glacadh a chur san áireamh sna doiciméid tionscadail a chuirtear faoi bhráid an Bhoird lena mbreithniú.

Chomh maith leis na céimeanna thuas, tá an tÚdarás tar éis seirbhísí chomhlacht seachtrach a fháil le comhairle a thabhairt ar bhealaigh inar féidir leis an eagraíocht dea-chleachtas a chinntiú maidir le riachtanais an Chóid Chaiteachais Phoiblí a chomhlíonadh. Beidh an méid sin mar bhonn don chur chuige atá againn maidir leis an dea-chleachtas a chinntiú agus tionscadail tógála á measúnú, á gceadú agus á gcur chun feidhme amach anseo.

iii. Faomhadh agus Bainistiú Buiséid

Is gá go mbeadh gach caiteachas caipitil ceadaithe ag Bord Údarás na Gaeltachta. Cuireadh iarratais a rinne an Bord chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis a sholáthraítear i ndoiciméid an tionscadail i bhfeidhm. Áirítear orthu sin:

- miondealú níos mionsonraithe ar na míreanna éagsúla líne a áirítear sa bhuiséad atá beartaithe,
- liúntas leordhóthanach do theagmhais a chur san áireamh bunaithe ar an leibhéal riosca agus éiginnteachta,
- cuntas maidir le an straitéis soláthair a bheidh le leanúint.

Feabhsaíodh an tuairisciú ar chaiteachas caipitil don Bhord le thuairisc mhíosúil curtha ar fáil ar thionscadail a bhfuil buiséad níos mó ná €100,000 acu. Cuirtear béim sna tuarascálacha sin ar aon rioscaí a aithnítear tríd an mhaoirseacht a dhéantar ar thionscadail.

In sna míonna amach romhainn, tabharfaidh an tÚdarás isteach córas nua airgeadais, MS Dynamics, a thacóidh tuilleadh leis na rialaithe airgeadais go háirithe chomh fada agus a bhaineann sé le buiséid tionscadail. Sa tréimhse eatramhach, tá céimeanna glactha chun feidhmiú de láimh a dhéanamh ar an bhfeidhmiúlacht bhreise a bheidh in áit nuair a thabharfar isteach an córas nua.

Conclúid

Bhí an chéad scóip tionscadail chun athchóiriú a dhéanamh ar an monarcha i mBaile Ghib réasúnta simplí. Bhí sé i gceist go ndéanfaí uasghrádú ar sheanmhonarcha chun é a thabhairt go dtí caighdeán réamh-mhonarchan. Cheadaigh an Bord buiséad €1.2m chun na costais a bhí i gceist a chlúdach. Mar gheall ar chostais tionscadail gan choinne de €0.6m agus riachtanais shonracha mheasta cliant de €1.7m, (le fáil ar ais ón gcomhlacht thar thréimhse chomhaontaithe) tháinig méadú suntasach ar an mbuiséad don tionscadal. Táthar tar éis an costas deiridh do riachtanais shainiúla an chliaint a mheas go neamhspleách anois ag níos lú ná €1m agus beidh laghdú ar an gcaiteachas buiséadaithe athbhreithnithe mar thoradh air sin. Is é an caiteachas iomlán ar an tionscadal go dtí seo ná €2.8m. Táthar ag súil gur timpeall €3.0m a bheidh caite ar an tionscadal ar deireadh agus táthar ag tuar nach rachadh an caiteachas thar €3.2m.

Tá sé aitheanta ag Údarás na Gaeltachta go raibh easpaí sa chumarsáid inmheánach agus seachtrach tionscadail mar aon le tuairisciú ar an tionscadail a d'fhág go raibh moill ag tuairisciú chuig an mBord ar an ardú a bhí tagtha ar an gcaiteachas agus na socruithe a bhí aontaithe leis an gcomhlacht. Tugadh chun solais easnaimh eile i rialachas an tionscadail, i réimsí amhail pleanáil, tuairisciú agus maoirseacht, mar aon le saincheisteanna maidir le comhlíonadh iomlán Chreat Bainistíochta

Oibreacha Caipitil agus soláthar poiblí. Mar a leagtar amach thuas, glacadh céimeanna chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Cé nach bhfuiltear á úsáid mar leithscéal do na heasnaimh a sainaithníodh, bhí an togra á chur chun cinn ag am ina raibh dúshláin mhóra foirne laistigh d'Údarás na Gaeltachta, chomh maith le riachtanas cliaint go gcuirfí an togra i gcrích laistigh de thréimhse ama an-docht. Tá go leor dul chun cinn déanta le roinnt míonna anuas chun na rioscaí ar leagadh béim orthu a mhaolú. Táimid sásta go bhfuil céimeanna cuí glactha chun a chinntiú nach raibh aon chaillteanas á fhulaingt ag an gcáiníocóir agus go bhfuil na hoibreacha atá curtha i gcrích tar éis cur go mór le luach an fhoirgnimh. Is ceart a aithint go bhfuil stair fhada ag Údarás na Gaeltachta i seachadadh tograí caipitil suntasacha in am agus laistigh den bhuiséad. Ní léargas é bainistíocht an tionscadail áirithe seo ar a mbealach a sheachadann an eagraíocht tionscadail de ghnáth.

Maidir leis an gcliantchomhlacht, chuir sé tús le hoibríochtaí i mBaile Ghib in 2019 agus tá a ionchais ghnó sáraithe go dtí seo. Ag deireadh na bliana 2019, bhí 20 ball foirne lánaimseartha fostaithe ag an gcomhlacht agus tá sé sin ardaithe go dtí 34 ball foirne anois, le pleananna chun méadú tuilleadh. Tá sé ag obair le comhpháirtithe tionscail agus le hinstitiúidí tríú leibhéal chun tionscal na bplaisteach a athrú ó bhonn trí thionscadal ar ceadaíodh deontas dó níos luaithe i mbliana faoi Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suasacha de chuid an Rialtais. Le déanaí, roghnaíodh tionscadal dá chuid faoin gcéad Scéim Deontais Nuálaíochta don Gheilleagar Ciorclach (CEIGS) de chuid an Rialtais. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal seo teicneolaíocht a fhorbairt a bheadh in ann bruscar muirí agus líonta iascaireachta a aischuirtear/a úsáidtear a athchúrsáil ar bhealach inbhuanaithe.